

Preasráiteas	Tuilleadh eolais:	
Press Release	gaeilgeiorrais@gmail.com	
24.02.2023	097-29023	

Comórtas Díospóireachta Uí Chonaire 2023

Dúshlán nua do dhaltáí iarbhunscoile na Gaeltachta i Maigh Eo

Tá ríméad ar Ghaeilge Iorrais tacú le Coláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead) comórtas díospóireachta úrnua a chur ar an bhfód mar chuid de Sheachtain na Gaeilge 2023. Is é sin 'Comórtas Díospóireachta Uí Chonaire' - díospóireacht lán-Ghaeilge do scoláirí iarbhunscoile agus i gcuimhne ar iarphríomhoide na scoile sin, Pádraic Ó Conaire.

Tionólfar an ócáid speisialta seo Dé Máirt 14 Márta 2023 mar chuid de Sheachtain na Gaeilge in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead, nuair a thiocfaidh scoláirí as Coláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead), Gaelcholáiste Chomáin (Ros Dumhach) agus Coláiste Pobail Acla (Acaill) le chéile chun plé a dhéanamh ar rúin a bhaineann leis an nGaeilge i nGaeltachtaí Mhaigh Eo. Tá Gaeilge Iorrais ag obair i gcomhar le Gaeilg' Acla ar an tionscnamh tábhachtach seo a thabharfas deiseanna plé, machnaimh agus cainte d'aos óg na Gaeltachta seo.

Beidh dhá chomórtas i gceist ar an lá. Beidh daltaí sa tsraith shóisearach in iomaíocht do Bhuanchorn Ghaeilge Iorrais agus beidh daltaí sa tsraith shinsearach in iomaíocht do Bhuanchorn Phádraic Uí Chonaire. Beidh díospóireacht amháin ag an dá dhream sin ar an lá. Ní bheidh ach babhta amháin i gceist. Triúr cainteoirí a bheidh ar chuile fhoireann agus beidh trí nóiméad cainte an duine acu. Beidh moltóir amháin ann ó chuile scoil, mar aon le moltóir neamhspleách ó Ghaeilge Iorrais. Roinnfear an scéim mharcála ar chuile scoil roimh ré.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.

Bronnfaidh Gaeilg' Acla Buanchorn Gaeilg' Acla ar an gcainteoir Gaeilge is fearr ar an lá. Bronnfaidh Gaeilge Iorrais plaic bheag rannpháirtíochta ar chuile scoláire a ghlacann páirt sa díospóireacht.

Is é an rún don chomórtas sóisir '**Tá an óige tábhachtach i dtodhchaí na Gaeltachta seo.**' Is é an rún don chomórtas sinsir '**Is fiú an Ghaeilge a chothú agus a chaomhnú i nGaeltachtaí Mhaigh Eo.**'

Mhíneadh Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga le Gaeilge Iorrais, an tábhacht agus an tairbhe a bhaineann leis an ócáid nua seo go háitiúil agus i gcomhthéacs níos leithne;

Tugann ócáid den chineál seo deis iontach do scoláirí le Gaeilge as iarbhunscoileanna i nGaeltacht Iorrais agus Acla teacht le chéile chun plé a dhéanamh ar cheist na Gaeilge mar a bhaineann sí leofa. Cuireann ócáid mar seo leis an obair mhór atá ar siúl sna scoileanna faoin bpróiseas aitheantais mar scoil Ghaeltachta agus láidríonn sí an ceangal teanga agus cultúrtha idir na daltaí agus a gcuid scoileanna. Tá muid ag súil go mór le ceiliúradh a dhéanamh ar an oideachas, ar an nGaeilge, ar an óige agus ar ár gceantar Gaeltachta féin.

Amchlár samplach don ócáid seo

10rn: Fáilte

10.10 – 10.40: Díospóireacht don Chomórtas Sóisir

10.40 – 11.00: Sos tae

11.00 – 11.30: Díospóireacht don Chomórtas Sinsir

11.40 – 11.50: Críoch & bronnadh

12: Slán abhaile

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.